

Ábhar

Oireachtas na Gaeilge

Mír Físe

Speaking Irish
Aonad 16, Agallamh 1
01:24:48

Máirín Nic Dhonncha

(Le caoinchead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Oireachtas na Gaeilge

Reámhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír ina bhfuil Máirín Nic Dhonncha ag plé Oireachtas na Gaeilge.

Pléigh an cheist seo le do ghrúpa agus bígí in ann príomhphointí bhur bplé a chur i láthair an ranga ar ball:

Cad a chiallaíonn na focail ‘cultúr’, ‘na healaíona’, ‘dúchas’ daoibhse?

Tugaigí míniú ar / déanaigí plé ar na téarmaí thíos:

Sean-nós
Ceol traidisiúnta
Lúibín
Agallamh beirte
Seisiún
Féile
Éigse
An tOireachtas

Éisteacht

Anois féach ar an mír agus faigh freagraí na gceisteanna seo:

Cén aidhm atá leis an Oireachtas, dar le Máirín?
Cá mbíonn sé ar siúl?
Cathain a bhíonn sé ar siúl?
Cé a fhreastalaíonn air?
Cad a bhíonn ar siúl ann?

Feasacht Teanga

1. Pléigh an ghramadach (téarmaí agus patrúin) atá sna frásaí thíos leis an duine in aice leat.

dhá fhéile
bliain i ndiaidh bliana
san áit chéanna

Anois déanaigí iarracht na lúibíní a bhaint amach sna samplaí seo:

trí (tionscadal)	ceithre (coláiste)	seacht (féile)
ocht (áit)	naoi (tionscadal)	ocht (siopa)

an aiste (gearr) an cheist (deacair) an botún (mór)
an abairt (casta) an tsráid (salach) an cheist (práinneach)
seachtain i ndiaidh (seachtain)
mí i ndiaidh (mí)
lá i ndiaidh (lá)

2. Conas a chuirfeá Gaeilge ar na frásaí seo?:

I'm doing an Arts degree.
I love art.
She's a very arty person.
I love programmes which discuss the arts.

Iarobair

Plé

- Ceapann daoine áirithe go bhfuil ceangal láidir idir cumas sa teanga agus cumas ceoil/amhránaíochta/suim sna healaíona traidisiúnta – cad a shíleann tú den dearcadh seo? Cad é an ceangal, dar leat, atá idir cultúr na Gaeilge agus an teanga?
- Cad atá ar eolas agat faoi ealaíona dúchasacha i dtíortha eile?

Tascanna

- Scríobh féin agus do ghrúpa sainmhíniú ar an bhfocal ‘cultúr’.
- Faigh amach níos mó faoi Oireachtas na Gaeilge – tá eolas faoi ar shuíomh an Oireachtais www.antoireachtas.ie.

(Tá clú agus cáil ar Chorn Uí Riada – comórtas amhránaíochta ar an sean-nós a bhíonn ar siúl ag Oireachtas na Samhna gach bliain. Más spéis leat éisteacht le cuid de na hamhránaithe, is féidir sin a dhéanamh ag suíomh an Oireachtais ag www.antoireachtas.ie – ‘fis agus fuaim’).

- Foilsíonn Ealaín na Gaeltachta tréimhseachán uair sa ráithe a bhíonn mar fhoinsé eolais agus teagmhála dóibh siúd ar spéis leo na hEalaíona Gaeltachta. Tugtar léargas ann ar thionscnaimh ealaíon atá ar bun sna ceantair Ghaeltachta. Más spéis leat na healaíona, féach ar cheann de na tréimhseacháin ag www.ealain.ie agus scríobh léirmheas gearr air.

Téipscript

Bhuel, hmm, is eagraíocht náisiúnta é Oireachtas na Gaeilge, agus tá, a bhfuil sé leagtha de chúram air, hmm, na healaíona dúchasacha Éireannacha a chur chun cinn. Agus deintear é sin ar bhealaí éagsúla. Reáchtáilteann an tOireachtas dhá fhéile chuile bhliain – Oireachtas na Samhna agus Oireachtas na Bealtaine. Á, is féilte iad seo a bhogann thart ó áit go háit. Ní bhíonn siad san áit chéanna bliain i ndiaidh bliana. Mar shampla, anuraidh, bhí Oireachtas na Samhna i gCorcaigh agus, i mbliana, beidh sé ar siúl i nDoire Cholm Cille. Hmm, na daoine a fhreastalaíonn ar an bhféile is Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn siad agus reáchtáiltear na féilte trí Ghaeilge. So, dá bhrí sin, is cuma cén áit a mbíonn féile ar siúl – is Gaeltacht, is Gaeltacht a bhíonn ann. So, is muid ceann de na Gaeltachtaí is, is soghluaiste sa tír, nó an t-aon Ghaeltacht soghluaiste sa tír. Hmm, deineann na féilte ceiliúradh ar na healaíona traidisiúnta – an amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa ar an sean-nós, hmm, ceol traidisiúnta na hÉireann, á, scéalaíocht, lúibíní, agallamh beirte agus go leor leor eile. Bíonn an, an, an-chraic agus an-chomhrá agus an, an-chuid ceoil, an-chuid seisiún ag na féilte agus freastalaíonn cuairteoirí air as chuile cheard den tír agus fiú amháin taobh amuigh den tír, as, as Sasana, as Albain agus faigheann muid roinnt mhór cuairteoirí as Meiriceá anois, le roinnt blianta anuas.